Leagtar síos leis an lipéad cóirfhaisin **ardchaighdeáin shóisialta** lena bhforáiltear go mbeidh pá maireachtála ag daoine, lena gcuirtear toirmeasc ar shaothar leanaí agus saothar éignithe agus lena ráthaítear go mbeidh dea-dhálaí sábháilte oibre ag daoine.

## Airteagal 2

### CINEÁL CEANGAILTEACH NA gCAIGHDEÁN

**Beidh dianbhearta a chuirfidh gnólachtaí faoi dhliteanas** comhlíonadh na gcaighdeán a chruthú agus freagairt do chúirteanna na hEorpa mura gcomhlíontar na caighdeáin sin.



**Tabhair faoi deara:** Tá an t-ábhar a chuirtear i láthair ullmhaithe go teagascach le gluaiseacht an chluiche agus eispéireas foghlama na rannpháirtithe a áirithiú. Ní hionann é agus fíor-ábhar nó fíorsheasaimh pholaitiúla.

# MÁLTA




## An Clár Oibre

**Ar chlár oibre na Comhairle Iomaíochais inniu,** tá togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán nua maidir le lipéad cóirfhaisin a bhunú. Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.

## Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle, a léiríonn an méid is suim leatsa. Tig leat freisin do mhachnamh a dhéanamh ar thacú le rogha chomhréitigh a léireodh, go pointe áirithe, do leas.

## Do chuid cúraimí

1. **Léigh go cúramach an t-eolas atá tugtha do do ghrúpa** óir is ann a léirítear leas agus seasamh an ghrúpa.
2. Tá tú **ar aon bhuille leis an bPortaingéil, leis an nGréig agus leis an Spáinn (tíortha dáimhintinneacha)**. Tá agaibh comhoibriú go dlúth le chéile ar mhaithe le spriocanna comhchoiteanna a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtúla. Labhraígí le chéile ag na sosanna neamhfhoirmiúla.
3. Ullmhaigh **ráiteas tosaigh** (a mhairfidh nóiméad, ar a mhéad) chun an chéad bhabhta den chaibidlíocht oifigiúil a chur ar bun. Luaigh an seasamh atá agatsa maidir le hAirteagail 1 agus 2. Beidh an script seo ina cúnamh duit:

*Mo bhuíochas leis an uachtaránacht as an deis chainte seo a thabhairt dom agus mo bhuíochas freisin leis an gCoimisiún as dréacht a ullmhú ar an ábhar.*

*Phléamar an dréacht roimh chruinniú an lae inniu lenár gcomhghleacaithe as* ______________________ *agus chomhaontaíomar an méid seo:*

*Níl na caighdeáin a mholtar sa dréacht go hiomlán i gcomhréir leis an gcur chuige atá againne. Go hachomair:* ______________
______________________________________________________
______________________________________________________.

*Ar an ábhar sin, táimid ar son na meánchaighdeán sóisialta i bhfianaise go* ________________________________________
______________________________________________________
______________________________________________________.

*I ndáil le cineál ceangailteach na gcaighdeán molaimid bearta measartha.*

*Táimid ag súil go mór le díospóireacht bhríomhar ar an tsaincheist seo.*

*Go raibh maith agaibh.*

4. Tapaigh do dheis ach a dtabharfaidh an uachtaránacht (a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú) deis chainte duit. Más rud é go bhfuil tú ar aon bhuille le seasamh na mBallstát eile a luadh roimhe seo, abair é sin go neamhbhalbh.
5. Éist go cúramach le seasamh na mBallstát eile. Chun taifead a choinneáil ar sheasamh na mBallstát **líon isteach an tábla ar leathanach 7**. Cuid mhór den chaibidlíocht is ea éisteacht a thabhairt dá chéile agus teacht ar réitigh a oireann do chách.
6. Ag an gcaibidlíocht oifigiúil, **cuireadh tú féin agus na tíortha eile sin atá ar aon bhuille leat bhur seasamh agus bhur n-argóint i láthair**. Cinnigí eadraibh féin cé a labhróidh ar bhur son faoi Airteagail 1 agus 2.
7. Ar deireadh thiar thall, **is fútsa atá sé vóta a chaitheamh pé bealach is mian leat**. Ach ní miste é sin a phlé le do chomhghleacaithe as an bPortaingéil, as an nGréig agus as an Spáinn. Fainic! Ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh ar an togra comhréitigh, ní mór duit cinneadh a dhéanamh: cé acu arbh fhearr leat teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leat nó gan teacht ar réiteach in aon chor.



**Tabhair faoi deara:** Tá an t-ábhar a chuirtear i láthair ullmhaithe go teagascach le gluaiseacht an chluiche agus eispéireas foghlama na rannpháirtithe a áirithiú. Ní hionann é agus fíor-ábhar nó fíorsheasaimh pholaitiúla.

# EOLAS CÚLRA

***Foinse:** Eurostat 2019, Eurobarometer 2018*




1. An meánmhéid a chaitheann saoránaigh na hEorpa gach bliain ar éadaí (€)

2. Céatadán na ndaoine a ndearnadh suirbhé orthu agus a d'fhreagair "déanaim" nuair a cuireadh an cheist: An ndéanann tú cinneadh eiticiúil agus tú ag ceannach bia, éadaí, srl?

0–250 | 250–500 | 500–750 | > 750 | Déanaim, mar %



**Tabhair faoi deara:** Tá an t-ábhar a chuirtear i láthair ullmhaithe go teagascach le gluaiseacht an chluiche agus eispéireas foghlama na rannpháirtithe a áirithiú. Ní hionann é agus fíor-ábhar nó fíorsheasaimh pholaitiúla.

# AIRTEAGAL 1
## Íoschaighdeáin shóisialta

- **Ardchaighdeáin shóisialta**
  … a chuireann toirmeasc ar shaothar leanaí agus ar shaothar éignithe agus a ráthaíonn dea-dhálaí sábháilte oibre agus lena bhforáiltear go mbeidh pá maireachtála ag daoine.

### AN SEASAMH ATÁ AGATSA

- **Meánchaighdeáin shóisialta**
  … a chuireann toirmeasc ar shaothar leanaí agus ar shaothar éignithe agus a ráthaíonn íoscheanglais phá agus dálaí oibre.

- **Bunchaighdeáin shóisialta**
  … a chuireann deireadh leis na cineálacha is measa de shaothar leanaí agus a chuireann toirmeasc ar shaothar éignithe.

- **Rogha eile:**

____________________

____________________

____________________




## D'ARGÓINT

- Is iomaí sin monaróir teicstíle san Eoraip; tá isteach agus amach le 560 000 duine fostaithe san earnáil teicstíle. Is fearr go mór fada na dálaí oibre sna monarchana sin ná, cuirim i gcás na dálaí i monarchana na Cambóide nó na Banglaidéise. Dá mbeadh caighdeáin shóisialta níos airde ar fud an domhain, chuirfí feabhas ar sheasamh na bhfiontar Eorpach sa mhargadh.
- Mar sin féin, is cuid den slabhra soláthair domhanda iad na cuideachtaí Eorpacha. Úsáideann siad amhábhair as tíortha eile agus baineann siad leas as pá níos ísle agus praghsanna ísle na dtíortha sin. Fágann sin go mbeadh na caighdeáin sin atá ró-ard ina n-ualach ar chuideachtaí Eorpacha. Chuirfí poist i mbaol.
- Tá neart deiseanna ann go fóill feasacht an chóirfhaisin a fheabhsú i measc mhuintir na hEorpa. D'fhéadfadh meánchaighdeáin shóisialta cheangailteacha cabhrú le haird an phobail a tharraingt ar an ábhar. Níl ag an Aontas Eorpach a bheith díomhaoin, níl aige an cúram a fhágáil faoin saoránach, ná go deimhin, fanacht nó go dtaga athrú béasa ar an saoránach.
- Na bunphrionsabail atá agat: Níor cheart go gcuirfeadh an rialachán seo costas rómhór ar ghnólachtaí.

- Do chuid nótaí: ____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________



**Tabhair faoi deara:** Tá an t-ábhar a chuirtear i láthair ullmhaithe go teagascach le gluaiseacht an chluiche agus eispéireas foghlama na rannpháirtithe a áirithiú. Ní hionann é agus fíor-ábhar nó fíorsheasaimh pholaitiúla.

# AIRTEAGAL 2
## Cineál ceangailteach na gcaighdeán

- **Dianbhearta**
  Beidh dianbhearta a chuirfidh gnólachtaí faoi dhliteanas comhlíonadh na gcaighdeán a chruthú agus freagairt do chúirteanna na hEorpa mura gcomhlíontar na caighdeáin sin.

### AN SEASAMH ATÁ AGATSA

- **Bearta measartha**
  Seiceálacha ar an láthair ina ndéanann comhlachtaí neamhspleácha faireacháin féachaint an bhfuil nó nach bhfuil na caighdeáin á gcomhlíonadh.

- **Bearta éadroma**
  Gealltanais ghinearálta ("cód iompair") ina ndéanann na miondíoltóirí iad féin bearta a ghlacadh chun na caighdeáin a chomhlíonadh.

- **Rogha eile:**




## D'ARGÓINT

- Molaimid bearta measartha do chur chun feidhme na gcaighdeán. Bíodh na caighdeáin níos déine nó ná bíodh, ba cheart faireachán a dhéanamh ar an gcomhlíonadh. Níor cheart gurb iad na cuideachtaí Eorpacha a bheadh freagrach as na hiniúchtaí sin. Níor cheart go gcaithfí aon chuideachta Eorpach a thabhairt chun cúirte lena chruthú go bhfuil a cuid comhpháirtithe ag comhlíonadh na gcaighdeán. Ní mór na gnólachtaí Eorpacha a chosaint ar an gcineál sin ruda. Mar a tharlaíonn, táthar ag cur seiceálacha ar an láthair i gcrích cheana féin. Go dtí seo, ní bhaineann na seiceálacha sin ach le táirgí, mar shampla, chun a chinneadh an bhfuil nó nach bhfuil ceimiceáin iontu. Ní leomhfadh aon duine diúltú do na seiceálacha seo mar gurbh ionann é sin agus cur isteach ar ghnóthaí stáit eile. Fágann sin gur cheart gurb é an tAontas Eorpach an comhlacht monatóireachta; agus gurb iad cigirí an Aontais nó institiúidí comhpháirteacha i dtíortha táirgthe a dhéanfadh an faireachán.

- Do chuid nótaí:



**Tabhair faoi deara:** Tá an t-ábhar a chuirtear i láthair ullmhaithe go teagascach le gluaiseacht an chluiche agus eispéireas foghlama na rannpháirtithe a áirithiú. Ní hionann é agus fíor-ábhar nó fíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1 | | | | Airteagal 2 | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Ardchaighdeáin shóisialta | Meánchaighdeáin shóisialta | Bunchaighdeáin shóisialta | Moltaí eile/Nótaí | Dianbhearta | Bearta measartha | Bearta éadroma | Moltaí eile/Nótaí |
| **An Bheilg** | | | | | | | | |
| **An Bhulgáir** | | | | | | | | |
| **An tSeicia** | | | | | | | | |
| **An Danmhairg** | | | | | | | | |
| **An Ghearmáin** | | | | | | | | |
| **An Eastóin** | | | | | | | | |
| **Éire** | | | | | | | | |
| **An Ghréig** | | | | | | | | |
| **An Spáinn** | | | | | | | | |
| **An Fhrainc** | | | | | | | | |
| **An Chróit** | | | | | | | | |
| **An Iodáil** | | | | | | | | |
| **An Chipir** | | | | | | | | |
| **An Laitvia** | | | | | | | | |
| **An Liotuáin** | | | | | | | | |
| **Lucsamburg** | | | | | | | | |
| **An Ungáir** | | | | | | | | |
| **Málta** | | ■ | | | | ■ | | |
| **An Ísiltír** | | | | | | | | |
| **An Ostair** | | | | | | | | |
| **An Pholainn** | | | | | | | | |
| **An Phortaingéil** | | | | | | | | |
| **An Rómáin** | | | | | | | | |
| **An tSlóivéin** | | | | | | | | |
| **An tSlóvaic** | | | | | | | | |
| **An Fhionlainn** | | | | | | | | |
| **An tSualainn** | | | | | | | | |
| **An Coimisiún Eorpach** | | | | | | | | |



**Tabhair faoi deara:** Tá an t-ábhar a chuirtear i láthair ullmhaithe go teagascach le gluaiseacht an chluiche agus eispéireas foghlama na rannpháirtithe a áirithiú. Ní hionann é agus fíor-ábhar nó fíorsheasaimh pholaitiúla.

Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
Tel. +32 22816111
**www.consilium.europa.eu**

## FÓGRA

Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d'fhoilsigh an foilseachán seo agus is chun críocha na faisnéise amháin a foilsíodh é. Níl institiúidí an Aontais ná na Ballstáit freagrach as.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise faoin gComhairle Eorpach agus faoin gComhairle, féach ar an suíomh gréasáin seo a leanas:
www.consilium.europa.eu

nó téigh i dteagmháil leis an tSeirbhís um Fhaisnéis don Phobal de chuid Ardrúnaíocht na Comhairle:

Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
www.consilium.europa.eu/infopublic

Tá tuilleadh faisnéise faoin Aontas Eorpach ar fáil ar www.europa.eu

An Bhruiséil:
Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh, 2020

Print
QC-08-19-270-GA-C

PDF
QC-08-19-270-GA-N

© An tAontas Eorpach, 2020

Údaraítear macasamhlú, ar choinníoll go n-aithnítear an fhoinse.

Maidir le grianghraif nó aon ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart an Aontais Eorpaigh, ní mór cead úsáidte agus atáirgthe a iarraidh go díreach ar úinéir an chóipchirt.

*Printed in Belgium*

CS 2019-186

RS 107-2020

# AN GHRÉIG




# CAIBIDLÍOCHT IDIR 27

## Rialachán maidir le lipéad cóirfhaisin

Rólphróifílí | GA

Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Coimisiún Eorpach

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le lipéad cóirfhaisin a bhunú

(arna thíolacadh ag an gCoimisiún)

## COMHTHÉACS AN TOGRA

Nuair a thit monarcha an Rana Plaza sa Bhanglaidéis go talamh, agus nuair a maraíodh breis is 1 100 duine, níor thráth faillí é. Tarraingíodh aird ar thionscal inar cuid den tsamhail ghnó iad saothar leanaí, an dúshaothrú agus dálaí uafásacha oibre.

Is ar an ábhar sin atá an tAontas ag saothrú ionas go mbeidh tionscal domhanda faisin níos córa ann. Anuas air sin, tá an tAontas ag féachaint le saothar leanaí, sclábhaíocht agus drochdhálaí oibre a chosc. Níl sé inghlactha go ndíolfaí t-léine ar EUR 3. Tá sé scanrúil go gceannaíonn daoine 400 % níos mó éadaigh inniu ná mar a cheannaigh siad 20 bliain ó shin.

Tá beartais i bhfeidhm ag an Aontas Eorpach agus ag formhór na mBallstát chun tomhaltas inbhuanaithe a spreagadh, ach go dtí seo manglam de scéimeanna náisiúnta, réigiúnacha, poiblí agus príobháideacha éagsúla a cuireadh faoi bhráid na dtomhaltóirí.

Is freagairt ar an síormhéadú atá ag teacht orthu siúd ar mian leo táirgí inbhuanaithe a cheannach an lipéad nua cóirfhaisin seo ón Aontas. Soiléireacht níos fearr a chur ar fáil do thomhaltóirí ar fud an Aontais is aidhm leis.

## Airteagal 1

### ÍOSCHAIGHDEÁIN SHÓISIALTA

Leagtar síos leis an lipéad cóirfhaisin **ardchaighdeáin shóisialta** lena bhforáiltear go mbeidh pá maireachtála ag daoine, lena gcuirtear toirmeasc ar shaothar leanaí agus saothar éignithe agus lena ráthaítear go mbeidh dea-dhálaí sábháilte oibre ag daoine.

## Airteagal 2

### CINEÁL CEANGAILTEACH NA gCAIGHDEÁN

**Beidh dianbhearta a chuirfidh gnólachtaí faoi dhliteanas** comhlíonadh na gcaighdeán a chruthú agus freagairt do chúirteanna na hEorpa mura gcomhlíontar na caighdeáin sin.



**Tabhair faoi deara:** Tá an t-ábhar a chuirtear i láthair ullmhaithe go teagascach le gluaiseacht an chluiche agus eispéireas foghlama na rannpháirtithe a áirithiú. Ní hionann é agus fíor-ábhar nó fíorsheasaimh pholaitiúla.



# AN GHRÉIG




## An Clár Oibre

**Ar chlár oibre na Comhairle Iomaíochais inniu,** tá togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán nua maidir le lipéad cóirfhaisin a bhunú. Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.

## Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle, a léiríonn an méid is suim leatsa. Tig leat freisin do mhachnamh a dhéanamh ar thacú le rogha chomhréitigh a léireodh, go pointe áirithe, do leas.

## Do chuid cúraimí

1. **Léigh go cúramach an t-eolas atá tugtha do do ghrúpa** óir is ann a léirítear leas agus seasamh an ghrúpa.
2. Tá tú **ar aon bhuille leis an bPortaingéil, le Málta, agus leis an Spáinn (tíortha dáimhintinneacha)**. Tá agaibh comhoibriú go dlúth le chéile ar mhaithe le spriocanna comhchoiteanna a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtúla. Labhraígí le chéile ag na sosanna neamhfhoirmiúla.
3. Ullmhaigh **ráiteas tosaigh** (a mhairfidh nóiméad, ar a mhéad) chun an chéad bhabhta den chaibidlíocht oifigiúil a chur ar bun. Luaigh an seasamh atá agatsa maidir le hAirteagail 1 agus 2. Beidh an script seo ina cúnamh duit:

> *Mo bhuíochas leis an uachtaránacht as an deis chainte seo a thabhairt dom agus mo bhuíochas freisin leis an gCoimisiún as dréacht a ullmhú ar an ábhar.*
>
> *Phléamar an dréacht roimh chruinniú an lae inniu lenár gcomhghleacaithe as* ______________________ *agus chomhaontaíomar an méid seo:*
>
> *Níl na caighdeáin a mholtar sa dréacht go hiomlán i gcomhréir leis an gcur chuige atá againne. Go hachomair:* ______________
> ______________________________________________________
> ______________________________________________________.
>
> *Ar an ábhar sin, táimid ar son na meánchaighdeán sóisialta i bhfianaise go* ______________________________________
> ______________________________________________________
> ______________________________________________________.
>
> *Ag an am céanna, molaimid seiceálacha ar an láthair do chur chun feidhme na gcaighdeán.*
>
> *Táimid ag súil go mór le díospóireacht bhríomhar ar an tsaincheist seo.*
>
> *Go raibh maith agaibh.*

4. Tapaigh do dheis ach a dtabharfaidh an uachtaránacht (a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú) deis chainte duit. Más rud é go bhfuil tú ar aon bhuille le seasamh na mBallstát eile a luadh roimhe seo, abair é sin go neamhbhalbh.
5. Éist go cúramach le seasamh na mBallstát eile. Chun taifead a choinneáil ar sheasamh na mBallstát **líon isteach an tábla ar leathanach 7**. Cuid mhór den chaibidlíocht is ea éisteacht a thabhairt dá chéile agus teacht ar réitigh a oireann do chách.
6. Ag an gcaibidlíocht oifigiúil, **cuireadh tú féin agus na tíortha eile sin atá ar aon bhuille leat bhur seasamh agus bhur n-argóint i láthair**. Cinnigí eadraibh féin cé a labhróidh ar bhur son faoi Airteagail 1 agus 2.
7. Ar deireadh thiar thall, **is fútsa atá sé vóta a chaitheamh pé bealach is mian leat**. Ach ní miste é sin a phlé le do chomhghleacaithe as an bPortaingéil, as Málta, agus as an Spáinn. Fainic! Ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh ar an togra comhréitigh, ní mór duit cinneadh a dhéanamh: cé acu arbh fhearr leat teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leat nó gan teacht ar réiteach in aon chor.



**Tabhair faoi deara:** Tá an t-ábhar a chuirtear i láthair ullmhaithe go teagascach le gluaiseacht an chluiche agus eispéireas foghlama na rannpháirtithe a áirithiú. Ní hionann é agus fíor-ábhar nó fíorsheasaimh pholaitiúla.

# EOLAS CÚLRA

***Foinse:** Eurostat 2019, Eurobarometer 2018*




1. **An meánmhéid a chaitheann saoránaigh na hEorpa gach bliain ar éadaí (€)**
2. **Céatadán na ndaoine a ndearnadh suirbhé orthu agus a d'fhreagair "déanaim" nuair a cuireadh an cheist: An ndéanann tú cinneadh eiticiúil agus tú ag ceannach bia, éadaí, srl?**

0–250 | 250–500 | 500–750 | > 750

Déanaim, mar %



**Tabhair faoi deara:** Tá an t-ábhar a chuirtear i láthair ullmhaithe go teagascach le gluaiseacht an chluiche agus eispéireas foghlama na rannpháirtithe a áirithiú. Ní hionann é agus fíor-ábhar nó fíorsheasaimh pholaitiúla.

# AIRTEAGAL 1
## Íoschaighdeáin shóisialta

- **Ardchaighdeáin shóisialta**
  … a chuireann toirmeasc ar shaothar leanaí agus ar shaothar éignithe agus a ráthaíonn dea-dhálaí sábháilte oibre agus lena bhforáiltear go mbeidh pá maireachtála ag daoine.

**AN SEASAMH ATÁ AGATSA**

- **Meánchaighdeáin shóisialta**
  … a chuireann toirmeasc ar shaothar leanaí agus ar shaothar éignithe agus a ráthaíonn íoscheanglais phá agus dálaí oibre.

- **Bunchaighdeáin shóisialta**
  … a chuireann deireadh leis na cineálacha is measa de shaothar leanaí agus a chuireann toirmeasc ar shaothar éignithe.

- **Rogha eile:**

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________




## D'ARGÓINT

- Is iomaí sin monaróir teicstíle san Eoraip; tá isteach agus amach le 560 000 duine fostaithe san earnáil teicstíle. Is fearr go mór fada na dálaí oibre sna monarchana sin ná, cuirim i gcás na dálaí i monarchana na Cambóide nó na Banglaidéise. Dá mbeadh caighdeáin shóisialta níos airde ar fud an domhain, chuirfí feabhas ar sheasamh na bhfiontar Eorpach sa mhargadh.
- Mar sin féin, is cuid den slabhra soláthair domhanda iad na cuideachtaí Eorpacha. Úsáideann siad amhábhair as tíortha eile agus baineann siad leas as pá níos ísle agus praghsanna ísle na dtíortha sin. Fágann sin go mbeadh na caighdeáin sin atá ró-ard ina n-ualach ar chuideachtaí Eorpacha. Chuirfí poist i mbaol. Tá neart deiseanna ann go fóill feasacht an chóirfhaisin a fheabhsú i measc mhuintir na hEorpa.
- D'fhéadfadh bunchaighdeáin shóisialta cheangailteacha cabhrú le haird an phobail a tharraingt ar an ábhar. Níl ag an Aontas Eorpach a bheith díomhaoin, níl aige an cúram a fhágáil faoin saoránach, ná go deimhin, fanacht nó go dtaga athrú béasa ar an saoránach.
- Na bunphrionsabail atá agat: Níor cheart go gcuirfeadh an rialachán seo costas rómhór ar ghnólachtaí.

- Do chuid nótaí: _______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________



**Tabhair faoi deara:** Tá an t-ábhar a chuirtear i láthair ullmhaithe go teagascach le gluaiseacht an chluiche agus eispéireas foghlama na rannpháirtithe a áirithiú. Ní hionann é agus fíor-ábhar nó fíorsheasaimh pholaitiúla.

# AIRTEAGAL 2
## Cineál ceangailteach na gcaighdeán

- **Dianbhearta**
  Beidh dianbhearta a chuirfidh gnólachtaí faoi dhliteanas comhlíonadh na gcaighdeán a chruthú agus freagairt do chúirteanna na hEorpa mura gcomhlíontar na caighdeáin sin.

**AN SEASAMH ATÁ AGATSA**

- **Bearta measartha**
  Seiceálacha ar an láthair ina ndéanann comhlachtaí neamhspleácha faireacháin féachaint an bhfuil nó nach bhfuil na caighdeáin á gcomhlíonadh.

- **Bearta éadroma**
  Gealltanais ghinearálta ("cód iompair") ina ndéanann na miondíoltóirí iad féin bearta a ghlacadh chun na caighdeáin a chomhlíonadh.

- **Rogha eile:**




## D'ARGÓINT

- Bíodh na caighdeáin níos déine nó ná bíodh, ba cheart faireachán a dhéanamh ar an gcomhlíonadh. Chuige seo, molaimid bearta measartha. Níor cheart gurb iad na cuideachtaí Eorpacha a bheadh freagrach as na hiniúchtaí sin. Níor cheart go gcaithfí aon chuideachta Eorpach a thabhairt chun cúirte lena chruthú go bhfuil a cuid comhpháirtithe ag comhlíonadh na gcaighdeán. Ní mór na gnólachtaí Eorpacha a chosaint ar an gcineál sin ruda. Mar a tharlaíonn, táthar ag cur seiceálacha ar an láthair i gcrích cheana féin. Go dtí seo, ní bhaineann na seiceálacha sin ach le táirgí, mar shampla, chun a chinneadh an bhfuil nó nach bhfuil ceimiceáin iontu. Ní leomhfadh aon duine diúltú do na seiceálacha seo mar gurbh ionann é sin agus cur isteach ar ghnóthaí stáit eile. Fágann sin gur cheart gurb é an tAontas Eorpach an comhlacht monatóireachta; agus gurb iad cigirí an Aontais nó institiúidí comhpháirteacha i dtíortha táirgthe a dhéanfadh an faireachán.

- Do chuid nótaí:



**Tabhair faoi deara:** Tá an t-ábhar a chuirtear i láthair ullmhaithe go teagascach le gluaiseacht an chluiche agus eispéireas foghlama na rannpháirtithe a áirithiú. Ní hionann é agus fíor-ábhar nó fíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1 | | | | Airteagal 2 | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Ardchaighdeáin shóisialta** | **Meánchaighdeáin shóisialta** | **Bunchaighdeáin shóisialta** | Moltaí eile/Nótaí | **Dianbhearta** | **Bearta measartha** | **Bearta éadroma** | Moltaí eile/Nótaí |
| **An Bheilg** | | | | | | | | |
| **An Bhulgáir** | | | | | | | | |
| **An tSeicia** | | | | | | | | |
| **An Danmhairg** | | | | | | | | |
| **An Ghearmáin** | | | | | | | | |
| **An Eastóin** | | | | | | | | |
| **Éire** | | | | | | | | |
| **An Ghréig** | | ■ | | | | ■ | | |
| **An Spáinn** | | | | | | | | |
| **An Fhrainc** | | | | | | | | |
| **An Chróit** | | | | | | | | |
| **An Iodáil** | | | | | | | | |
| **An Chipir** | | | | | | | | |
| **An Laitvia** | | | | | | | | |
| **An Liotuáin** | | | | | | | | |
| **Lucsamburg** | | | | | | | | |
| **An Ungáir** | | | | | | | | |
| **Málta** | | | | | | | | |
| **An Ísiltír** | | | | | | | | |
| **An Ostair** | | | | | | | | |
| **An Pholainn** | | | | | | | | |
| **An Phortaingéil** | | | | | | | | |
| **An Rómáin** | | | | | | | | |
| **An tSlóivéin** | | | | | | | | |
| **An tSlóvaic** | | | | | | | | |
| **An Fhionlainn** | | | | | | | | |
| **An tSualainn** | | | | | | | | |
| **An Coimisiún Eorpach** | | | | | | | | |



**Tabhair faoi deara:** Tá an t-ábhar a chuirtear i láthair ullmhaithe go teagascach le gluaiseacht an chluiche agus eispéireas foghlama na rannpháirtithe a áirithiú. Ní hionann é agus fíor-ábhar nó fíorsheasaimh pholaitiúla.

Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
Tel. +32 22816111
**www.consilium.europa.eu**

## FÓGRA

Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d'fhoilsigh an foilseachán seo agus is chun críocha na faisnéise amháin a foilsíodh é. Níl institiúidí an Aontais ná na Ballstáit freagrach as.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise faoin gComhairle Eorpach agus faoin gComhairle, féach ar an suíomh gréasáin seo a leanas:
www.consilium.europa.eu

nó téigh i dteagmháil leis an tSeirbhís um Fhaisnéis don Phobal de chuid Ardrúnaíocht na Comhairle:

Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
www.consilium.europa.eu/infopublic

Tá tuilleadh faisnéise faoin Aontas Eorpach ar fáil ar www.europa.eu

An Bhruiséil:
Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh, 2020

Print
QC-08-19-270-GA-C

PDF
QC-08-19-270-GA-N

© An tAontas Eorpach, 2020

Údaraítear macasamhlú, ar choinníoll go n-aithnítear an fhoinse.

Maidir le grianghraif nó aon ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart an Aontais Eorpaigh, ní mór cead úsáidte agus atáirgthe a iarraidh go díreach ar úinéir an chóipchirt.

*Printed in Belgium*

CS 2019-186

RS 107-2020

# AN SPÁINN




# CAIBIDLÍOCHT IDIR 27

## Rialachán maidir le lipéad cóirfhaisin

Rólphróifílí | GA

Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Coimisiún Eorpach

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le lipéad cóirfhaisin a bhunú

(arna thíolacadh ag an gCoimisiún)

## COMHTHÉACS AN TOGRA

Nuair a thit monarcha an Rana Plaza sa Bhanglaidéis go talamh, agus nuair a maraíodh breis is 1 100 duine, níor thráth faillí é. Tarraingíodh aird ar thionscal inar cuid den tsamhail ghnó iad saothar leanaí, an dúshaothrú agus dálaí uafásacha oibre.

Is ar an ábhar sin atá an tAontas ag saothrú ionas go mbeidh tionscal domhanda faisin níos córa ann. Anuas air sin, tá an tAontas ag féachaint le saothar leanaí, sclábhaíocht agus drochdhálaí oibre a chosc. Níl sé inghlactha go ndíolfaí t-léine ar EUR 3. Tá sé scanrúil go gceannaíonn daoine 400 % níos mó éadaigh inniu ná mar a cheannaigh siad 20 bliain ó shin.

Tá beartais i bhfeidhm ag an Aontas Eorpach agus ag formhór na mBallstát chun tomhaltas inbhuanaithe a spreagadh, ach go dtí seo manglam de scéimeanna náisiúnta, réigiúnacha, poiblí agus príobháideacha éagsúla a cuireadh faoi bhráid na dtomhaltóirí.

Is freagairt ar an síormhéadú atá ag teacht orthu siúd ar mian leo táirgí inbhuanaithe a cheannach an lipéad nua cóirfhaisin seo ón Aontas. Soiléireacht níos fearr a chur ar fáil do thomhaltóirí ar fud an Aontais is aidhm leis.

## Airteagal 1

### ÍOSCHAIGHDEÁIN SHÓISIALTA

Leagtar síos leis an lipéad cóirfhaisin **ardchaighdeáin shóisialta** lena bhforáiltear go mbeidh pá maireachtála ag daoine, lena gcuirtear toirmeasc ar shaothar leanaí agus saothar éignithe agus lena ráthaítear go mbeidh dea-dhálaí sábháilte oibre ag daoine.

## Airteagal 2

### CINEÁL CEANGAILTEACH NA gCAIGHDEÁN

**Beidh dianbhearta a chuirfidh gnólachtaí faoi dhliteanas** comhlíonadh na gcaighdeán a chruthú agus freagairt do chúirteanna na hEorpa mura gcomhlíontar na caighdeáin sin.



**Tabhair faoi deara:** Tá an t-ábhar a chuirtear i láthair ullmhaithe go teagascach le gluaiseacht an chluiche agus eispéireas foghlama na rannpháirtithe a áirithiú. Ní hionann é agus fíor-ábhar nó fíorsheasaimh pholaitiúla.

# AN SPÁINN




## An Clár Oibre

**Ar chlár oibre na Comhairle Iomaíochais inniu,** tá togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán nua maidir le lipéad cóirfhaisin a bhunú. Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.

## Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle, a léiríonn an méid is suim leatsa. Tig leat freisin do mhachnamh a dhéanamh ar thacú le rogha chomhréitigh a léireodh, go pointe áirithe, do leas.

## Do chuid cúraimí

1. **Léigh go cúramach an t-eolas atá tugtha do do ghrúpa** óir is ann a léirítear leas agus seasamh an ghrúpa.
2. Tá tú **ar aon bhuille leis an bPortaingéil, le Málta agus leis an nGréig (tíortha dáimhintinneacha)**. Tá agaibh comhoibriú go dlúth le chéile ar mhaithe le spriocanna comhchoiteanna a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtúla. Labhraígí le chéile ag na sosanna neamhfhoirmiúla.
3. Ullmhaigh **ráiteas tosaigh** (a mhairfidh nóiméad, ar a mhéad) chun an chéad bhabhta den chaibidlíocht oifigiúil a chur ar bun. Luaigh an seasamh atá agatsa maidir le hAirteagail 1 agus 2. Beidh an script seo ina cúnamh duit:

*Mo bhuíochas leis an uachtaránacht as an deis chainte seo a thabhairt dom agus mo bhuíochas freisin leis an gCoimisiún as dréacht a ullmhú ar an ábhar.*

*Phléamar an dréacht roimh chruinniú an lae inniu lenár gcomhghleacaithe as ______________________ agus chomhaontaíomar an méid seo:*

*Níl na caighdeáin a mholtar sa dréacht go hiomlán i gcomhréir leis an gcur chuige atá againne. Go hachomair: ____________*

*______________________________________________________*

*______________________________________________________.*

*Ar an ábhar sin, táimid ar son na meánchaighdeán sóisialta i bhfianaise go ________________________________________*

*______________________________________________________*

*______________________________________________________.*

*Anuas air sin, táimid ar son na meánchaighdeán sóisialta chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme.*

*Táimid ag súil go mór le díospóireacht bhríomhar ar an tsaincheist seo.*

*Go raibh maith agaibh.*

4. Tapaigh do dheis ach a dtabharfaidh an uachtaránacht (a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú) deis chainte duit. Más rud é go bhfuil tú ar aon bhuille le seasamh na mBallstát eile a luadh roimhe seo, abair é sin go neamhbhalbh.
5. Éist go cúramach le seasamh na mBallstát eile. Chun taifead a choinneáil ar sheasamh na mBallstát **líon isteach an tábla ar leathanach 7**. Cuid mhór den chaibidlíocht is ea éisteacht a thabhairt dá chéile agus teacht ar réitigh a oireann do chách.
6. Ag an gcaibidlíocht oifigiúil, **cuireadh tú féin agus na tíortha eile sin atá ar aon bhuille leat bhur seasamh agus bhur n-argóint i láthair**. Cinnigí eadraibh féin cé a labhróidh ar bhur son faoi Airteagail 1 agus 2.
7. Ar deireadh thiar thall, **is fútsa atá sé vóta a chaitheamh pé bealach is mian leat**. Ach ní miste é sin a phlé le do chomhghleacaithe as an bPortaingéil, as Málta, agus as an nGréig. Fainic! Ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh ar an togra comhréitigh, ní mór duit cinneadh a dhéanamh: cé acu arbh fhearr leat teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leat nó gan teacht ar réiteach in aon chor.



**Tabhair faoi deara:** Tá an t-ábhar a chuirtear i láthair ullmhaithe go teagascach le gluaiseacht an chluiche agus eispéireas foghlama na rannpháirtithe a áirithiú. Ní hionann é agus fíor-ábhar nó fíorsheasaimh pholaitiúla.

# EOLAS CÚLRA

***Foinse:** Eurostat 2019, Eurobarometer 2018*




1. An meánmhéid a chaitheann saoránaigh na hEorpa gach bliain ar éadaí (€)

2. Céatadán na ndaoine a ndearnadh suirbhé orthu agus a d'fhreagair "déanaim" nuair a cuireadh an cheist: An ndéanann tú cinneadh eiticiúil agus tú ag ceannach bia, éadaí, srl?

0–250 | 250–500 | 500–750 | > 750

Déanaim, mar %



**Tabhair faoi deara:** Tá an t-ábhar a chuirtear i láthair ullmhaithe go teagascach le gluaiseacht an chluiche agus eispéireas foghlama na rannpháirtithe a áirithiú. Ní hionann é agus fíor-ábhar nó fíorsheasaimh pholaitiúla.

# AIRTEAGAL 1
## Íoschaighdeáin shóisialta

- **Ardchaighdeáin shóisialta**
  . . . a chuireann toirmeasc ar shaothar leanaí agus ar shaothar éignithe agus a ráthaíonn dea-dhálaí sábháilte oibre agus lena bhforáiltear go mbeidh pá maireachtála ag daoine.

**AN SEASAMH ATÁ AGATSA**

- **Meánchaighdeáin shóisialta**
  . . . a chuireann toirmeasc ar shaothar leanaí agus ar shaothar éignithe agus a ráthaíonn íoscheanglais phá agus dálaí oibre.

- **Bunchaighdeáin shóisialta**
  . . . a chuireann deireadh leis na cineálacha is measa de shaothar leanaí agus a chuireann toirmeasc ar shaothar éignithe.

- **Rogha eile:**

______________________________

______________________________

______________________________




## D'ARGÓINT

- Is iomaí sin monaróir teicstílí sa Spáinn; tá isteach agus amach le 40 000 duine fostaithe san earnáil teicstílí. Is fearr go mór fada na dálaí oibre sna monarchana sin ná, cuirim i gcás na dálaí i monarchana na Cambóide nó na Banglaidéise. Dá mbeadh caighdeáin shóisialta níos airde ar fud an domhain, chuirfí feabhas ar sheasamh na bhfiontar Eorpach sa mhargadh.
- Mar sin féin, is cuid den slabhra soláthair domhanda iad na cuideachtaí Eorpacha. Úsáideann siad amhábhair as tíortha eile agus baineann siad leas as pá níos ísle agus praghsanna ísle na dtíortha sin. Fágann sin go mbeadh na caighdeáin sin atá ró-ard ina n-ualach ar chuideachtaí Eorpacha. Chuirfí poist i mbaol.
- Tá neart deiseanna ann go fóill feasacht an chóirfhaisin a fheabhsú i measc mhuintir na hEorpa. D'fhéadfadh meánchaighdeáin shóisialta cheangailteacha cabhrú le haird an phobail a tharraingt ar an ábhar. Níl ag an Aontas Eorpach a bheith díomhaoin, níl aige an cúram a fhágáil faoin saoránach, ná go deimhin, fanacht nó go dtaga athrú béasa ar an saoránach.
- Na bunphrionsabail atá agat: Níor cheart go gcuirfeadh an rialachán seo costas rómhór ar ghnólachtaí.

- Do chuid nótaí: ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________



**Tabhair faoi deara:** Tá an t-ábhar a chuirtear i láthair ullmhaithe go teagascach le gluaiseacht an chluiche agus eispéireas foghlama na rannpháirtithe a áirithiú. Ní hionann é agus fíor-ábhar nó fíorsheasaimh pholaitiúla.

# AIRTEAGAL 2
## Cineál ceangailteach na gcaighdeán

- **Dianbhearta**
  Beidh dianbhearta a chuirfidh gnólachtaí faoi dhliteanas comhlíonadh na gcaighdeán a chruthú agus freagairt do chúirteanna na hEorpa mura gcomhlíontar na caighdeáin sin.

### AN SEASAMH ATÁ AGATSA

- **Bearta measartha**
  Seiceálacha ar an láthair ina ndéanann comhlachtaí neamhspleácha faireacháin féachaint an bhfuil nó nach bhfuil na caighdeáin á gcomhlíonadh.

- **Bearta éadroma**
  Gealltanais ghinearálta ("cód iompair") ina ndéanann na miondíoltóirí iad féin bearta a ghlacadh chun na caighdeáin a chomhlíonadh.

- **Rogha eile:**

______________________________

______________________________

______________________________




## D'ARGÓINT

- Bíodh na caighdeáin níos déine nó ná bíodh, ba cheart faireachán a dhéanamh ar an gcomhlíonadh. Chuige seo, molaimid bearta measartha. Níor cheart gurb iad na cuideachtaí Eorpacha a bheadh freagrach as na hiniúchtaí sin. Níor cheart go gcaithfí aon chuideachta Eorpach a thabhairt chun cúirte lena chruthú go bhfuil a cuid comhpháirtithe ag comhlíonadh na gcaighdeán. Ní mór na gnólachtaí Eorpacha a chosaint ar an gcineál sin ruda. Mar a tharlaíonn, táthar ag cur seiceálacha ar an láthair i gcrích cheana féin. Go dtí seo, ní bhaineann na seiceálacha sin ach le táirgí, mar shampla, chun a chinneadh an bhfuil nó nach bhfuil ceimiceáin iontu. Ní leomhfadh aon duine diúltú do na seiceálacha seo mar gurbh ionann é sin agus cur isteach ar ghnóthaí stáit eile. Fágann sin gur cheart gurb é an tAontas Eorpach an comhlacht monatóireachta; agus gurb iad cigirí an Aontais nó institiúidí comhpháirteacha i dtíortha táirgthe a dhéanfadh an faireachán.

- Do chuid nótaí: ______________________________



**Tabhair faoi deara:** Tá an t-ábhar a chuirtear i láthair ullmhaithe go teagascach le gluaiseacht an chluiche agus eispéireas foghlama na rannpháirtithe a áirithiú. Ní hionann é agus fíor-ábhar nó fíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1 | | | | Airteagal 2 | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Ardchaighdeáin shóisialta | Meánchaighdeáin shóisialta | Bunchaighdeáin shóisialta | Moltaí eile/Nótaí | Dianbhearta | Bearta measartha | Bearta éadroma | Moltaí eile/Nótaí |
| An Bheilg | | | | | | | | |
| An Bhulgáir | | | | | | | | |
| An tSeicia | | | | | | | | |
| An Danmhairg | | | | | | | | |
| An Ghearmáin | | | | | | | | |
| An Eastóin | | | | | | | | |
| Éire | | | | | | | | |
| An Ghréig | | | | | | | | |
| An Spáinn | | ■ | | | | ■ | | |
| An Fhrainc | | | | | | | | |
| An Chróit | | | | | | | | |
| An Iodáil | | | | | | | | |
| An Chipir | | | | | | | | |
| An Laitvia | | | | | | | | |
| An Liotuáin | | | | | | | | |
| Lucsamburg | | | | | | | | |
| An Ungáir | | | | | | | | |
| Málta | | | | | | | | |
| An Ísiltír | | | | | | | | |
| An Ostair | | | | | | | | |
| An Pholainn | | | | | | | | |
| An Phortaingéil | | | | | | | | |
| An Rómáin | | | | | | | | |
| An tSlóivéin | | | | | | | | |
| An tSlóvaic | | | | | | | | |
| An Fhionlainn | | | | | | | | |
| An tSualainn | | | | | | | | |
| An Coimisiún Eorpach | | | | | | | | |



**Tabhair faoi deara:** Tá an t-ábhar a chuirtear i láthair ullmhaithe go teagascach le gluaiseacht an chluiche agus eispéireas foghlama na rannpháirtithe a áirithiú. Ní hionann é agus fíor-ábhar nó fíorsheasaimh pholaitiúla.

Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
Tel. +32 22816111
**www.consilium.europa.eu**

**FÓGRA**

Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d'fhoilsigh an foilseachán seo agus is chun críocha na faisnéise amháin a foilsíodh é. Níl institiúidí an Aontais ná na Ballstáit freagrach as.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise faoin gComhairle Eorpach agus faoin gComhairle, féach ar an suíomh gréasáin seo a leanas:
www.consilium.europa.eu

nó téigh i dteagmháil leis an tSeirbhís um Fhaisnéis don Phobal de chuid Ardrúnaíocht na Comhairle:

Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
www.consilium.europa.eu/infopublic

Tá tuilleadh faisnéise faoin Aontas Eorpach ar fáil ar www.europa.eu

An Bhruiséil:
Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh, 2020

Print
QC-08-19-270-GA-C

PDF
QC-08-19-270-GA-N

© An tAontas Eorpach, 2020

Údaraítear macasamhlú, ar choinníoll go n-aithnítear an fhoinse.

Maidir le grianghraif nó aon ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart an Aontais Eorpaigh, ní mór cead úsáidte agus atáirgthe a iarraidh go díreach ar úinéir an chóipchirt.

*Printed in Belgium*

CS 2019-186

RS 107-2020

# AN PHOLAINN




# CAIBIDLÍOCHT IDIR 27

## Rialachán maidir le lipéad cóirfhaisin

Rólphróifílí | GA

Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Coimisiún Eorpach

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le lipéad cóirfhaisin a bhunú

(arna thíolacadh ag an gCoimisiún)

## COMHTHÉACS AN TOGRA

Nuair a thit monarcha an Rana Plaza sa Bhanglaidéis go talamh, agus nuair a maraíodh breis is 1 100 duine, níor thráth faillí é. Tarraingíodh aird ar thionscal inar cuid den tsamhail ghnó iad saothar leanaí, an dúshaothrú agus dálaí uafásacha oibre.

Is ar an ábhar sin atá an tAontas ag saothrú ionas go mbeidh tionscal domhanda faisin níos córa ann. Anuas air sin, tá an tAontas ag féachaint le saothar leanaí, sclábhaíocht agus drochdhálaí oibre a chosc. Níl sé inghlactha go ndíolfaí t-léine ar EUR 3. Tá sé scanrúil go gceannaíonn daoine 400 % níos mó éadaigh inniu ná mar a cheannaigh siad 20 bliain ó shin.

Tá beartais i bhfeidhm ag an Aontas Eorpach agus ag formhór na mBallstát chun tomhaltas inbhuanaithe a spreagadh, ach go dtí seo manglam de scéimeanna náisiúnta, réigiúnacha, poiblí agus príobháideacha éagsúla a cuireadh faoi bhráid na dtomhaltóirí.

Is freagairt ar an síormhéadú atá ag teacht orthu siúd ar mian leo táirgí inbhuanaithe a cheannach an lipéad nua cóirfhaisin seo ón Aontas. Soiléireacht níos fearr a chur ar fáil do thomhaltóirí ar fud an Aontais is aidhm leis.

## Airteagal 1

### ÍOSCHAIGHDEÁIN SHÓISIALTA

Leagtar síos leis an lipéad cóirfhaisin **ardchaighdeáin shóisialta** lena bhforáiltear go mbeidh pá maireachtála ag daoine, lena gcuirtear toirmeasc ar shaothar leanaí agus saothar éignithe agus lena ráthaítear go mbeidh dea-dhálaí sábháilte oibre ag daoine.

## Airteagal 2

### CINEÁL CEANGAILTEACH NA gCAIGHDEÁN

**Beidh dianbhearta a chuirfidh gnólachtaí faoi dhliteanas** comhlíonadh na gcaighdeán a chruthú agus freagairt do chúirteanna na hEorpa mura gcomhlíontar na caighdeáin sin.



**Tabhair faoi deara:** Tá an t-ábhar a chuirtear i láthair ullmhaithe go teagascach le gluaiseacht an chluiche agus eispéireas foghlama na rannpháirtithe a áirithiú. Ní hionann é agus fíor-ábhar nó fíorsheasaimh pholaitiúla.

# AN PHOLAINN




## An Clár Oibre

**Ar chlár oibre na Comhairle Iomaíochais inniu,** tá togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán nua maidir le lipéad cóirfhaisin a bhunú. Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.

## Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle, a léiríonn an méid is suim leatsa. Tig leat freisin do mhachnamh a dhéanamh ar thacú le rogha chomhréitigh a léireodh, go pointe áirithe, do leas.

## Do chuid cúraimí

1. **Léigh go cúramach an t-eolas atá tugtha do do ghrúpa** óir is ann a léirítear leas agus seasamh an ghrúpa.
2. Tá tú **ar aon bhuille leis an Eastóin, leis an tSeicia agus leis an tSlóivéin (tíortha dáimhintinneacha)**. Tá agaibh comhoibriú go dlúth le chéile ar mhaithe le spriocanna comhchoiteanna a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtúla. Labhraígí le chéile ag na sosanna neamhfhoirmiúla.
3. Ullmhaigh **ráiteas tosaigh** (a mhairfidh nóiméad, ar a mhéad) chun an chéad bhabhta den chaibidlíocht oifigiúil a chur ar bun. Luaigh an seasamh atá agatsa maidir le hAirteagail 1 agus 2. Beidh an script seo ina cúnamh duit:

*A Chomhghleacaithe,*

*Tá sé thar a bheith tábhachtach go dtabharfaí tús áite don chóirthrádáil ar an gclár oibre polaitiúil. Is céim thábhachtach é an togra ón gCoimisiún i ndáil leis an méid sin.*

*Mar sin féin, ba cheart dúinn réitigh eile a chur san áireamh.*

*Ní thig linn aontú leis na hardchaighdeáin shóisialta atá molta ag an gCoimisiún ar an ábhar* ______________________________
______________________________________________________
______________________________________________________.

*Maidir le hAirteagal 2, táimidne den bharúil gur leor gealltanais ghinearálta i bhfoirm "cód iompair", i.e. táimidne ar son na mbeart éadrom.*

*Maidir leis na gnéithe sin, táimid ar aon fhocal lenár gcomhghleacaithe as* ______________________________
______________________________________________________
______________________________________________________.

*Táim ag súil go mór le tabhairt faoin obair libh ar rialachán a bheidh cothrom comhsheasmhach. Go raibh maith agaibh.*

4. Tapaigh do dheis ach a dtabharfaidh an uachtaránacht (a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú) deis chainte duit. Más rud é go bhfuil tú ar aon bhuille le seasamh na mBallstát eile a luadh roimhe seo, abair é sin go neamhbhalbh.
5. Éist go cúramach le seasamh na mBallstát eile. Chun taifead a choinneáil ar sheasamh na mBallstát **líon isteach an tábla ar leathanach 7**. Cuid mhór den chaibidlíocht is ea éisteacht a thabhairt dá chéile agus teacht ar réitigh a oireann do chách.
6. Ag an gcaibidlíocht oifigiúil, **cuireadh tú féin agus na tíortha eile sin atá ar aon bhuille leat bhur seasamh agus bhur n-argóint i láthair**. Cinnigí eadraibh féin cé a labhróidh ar bhur son faoi Airteagail 1 agus 2.
7. Ar deireadh thiar thall, **is fútsa atá sé vóta a chaitheamh pé bealach is mian leat**. Ach ní miste é sin a phlé le do chomhghleacaithe as an Eastóin, as an tSeicia agus as an tSlóivéin. Fainic! Ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh ar an togra comhréitigh, ní mór duit cinneadh a dhéanamh: cé acu arbh fhearr leat teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leat nó gan teacht ar réiteach in aon chor.



**Tabhair faoi deara:** Tá an t-ábhar a chuirtear i láthair ullmhaithe go teagascach le gluaiseacht an chluiche agus eispéireas foghlama na rannpháirtithe a áirithiú. Ní hionann é agus fíor-ábhar nó fíorsheasaimh pholaitiúla.

# EOLAS CÚLRA

***Foinse:** Eurostat 2019, Eurobarometer 2018*




1. An meánmhéid a chaitheann saoránaigh na hEorpa gach bliain ar éadaí (€)

2. Céatadán na ndaoine a ndearnadh suirbhé orthu agus a d'fhreagair "déanaim" nuair a cuireadh an cheist: An ndéanann tú cinneadh eiticiúil agus tú ag ceannach bia, éadaí, srl?

0–250 | 250–500 | 500–750 | > 750 | Déanaim, mar %



**Tabhair faoi deara:** Tá an t-ábhar a chuirtear i láthair ullmhaithe go teagascach le gluaiseacht an chluiche agus eispéireas foghlama na rannpháirtithe a áirithiú. Ní hionann é agus fíor-ábhar nó fíorsheasaimh pholaitiúla.

# AIRTEAGAL 1
## Íoschaighdeáin shóisialta

- **Ardchaighdeáin shóisialta**
  … a chuireann toirmeasc ar shaothar leanaí agus ar shaothar éignithe agus a ráthaíonn dea-dhálaí sábháilte oibre agus lena bhforáiltear go mbeidh pá maireachtála ag daoine.

- **Meánchaighdeáin shóisialta**
  … a chuireann toirmeasc ar shaothar leanaí agus ar shaothar éignithe agus a ráthaíonn íoscheanglais phá agus dálaí oibre.

**AN SEASAMH ATÁ AGATSA**

- **Bunchaighdeáin shóisialta**
  … a chuireann deireadh leis na cineálacha is measa de shaothar leanaí agus a chuireann toirmeasc ar shaothar éignithe.

- **Rogha eile:**

____________________

____________________

____________________




## D'ARGÓINT

- Is ag na tomhaltóirí atá an chumhacht. Is fúthu atá sé an tionscal faisin a athrú. Ní mór dóibh a nósanna ceannaithe a oiriúnú agus dálaí oibre córa a éileamh ar na lipéid faisin. Ba cheart don Aontas Eorpach cuidiú leis na tomhaltóirí athmhachnamh a dhéanamh ar an méid seo.
- Maidir le do thírse, tá cuid mhór fós gan déanamh: duine as gach seachtar a cheannaíonn éadaí atá ag teacht le caighdeáin eiticiúla. I dtíortha go leor, is iomaí sin tionscnamh maith ann cheana féin a chuireann le feasacht na gcustaiméirí i dtaca leis na fadhbanna atá sa tionscal faisin. Ba cheart don Aontas cur leis na cineálacha cur chuige sin. Tá tú ar son na mbunchaighdeán sóisialta.
- Na bunphrionsabail atá agat: Ní mór fadhb na ndrochdhálaí oibre agus an drochphá a réiteach. Mar sin féin, níor cheart don Aontas Eorpach é seo a dhéanamh as féin.

- Do chuid nótaí: ____________________



**Tabhair faoi deara:** Tá an t-ábhar a chuirtear i láthair ullmhaithe go teagascach le gluaiseacht an chluiche agus eispéireas foghlama na rannpháirtithe a áirithiú. Ní hionann é agus fíor-ábhar nó fíorsheasaimh pholaitiúla.

# AIRTEAGAL 2
## Cineál ceangailteach na gcaighdeán

- **Dianbhearta**
  Beidh dianbhearta a chuirfidh gnólachtaí faoi dhliteanas comhlíonadh na gcaighdeán a chruthú agus freagairt do chúirteanna na hEorpa mura gcomhlíontar na caighdeáin sin.

- **Bearta measartha**
  **Seiceálacha ar an láthair** ina ndéanann comhlachtaí neamhspleácha faireacháin féachaint an bhfuil nó nach bhfuil na caighdeáin á gcomhlíonadh.

### AN SEASAMH ATÁ AGATSA

- **Bearta éadroma**
  Gealltanais ghinearálta ("cód iompair") ina ndéanann na miondíoltóirí iad féin bearta a ghlacadh chun na caighdeáin a chomhlíonadh.

- **Rogha eile:**




## D'ARGÓINT

